


COMHAD FIRÍCÍ: EACNAMAÍOCHT BHAILE GCSE: Bia agus Cothú



Scéimeanna um Dhearbhú Cáilíochta Bia

Toradh Foghlama

Ba cheart do dhaltáí bheith in ann:

- Na scéimeanna um dhearbhú cáilíochta bia seo a leanas a shainnithint agus a mhíniú lena n-áirítear:
 - Scéim um Dhearbhú Cáilíochta Feirme Thuaisceart Éireann do Mhairteoil agus d’Uaineoil (NIBL FQAS); agus
 - Marc Cáilíochta an Bhoird Bia.

Cad é is Scéim um Dhearbhú Cáilíochta nó Marc Cáilíochta ann?

Is clár é Scéim um Dhearbhú Cáilíochta, maidir le táirge bia, ina dtáirgtear an bia de réir sraith caighdeán (rialacha) agus ina ndéantar cigireacht (iniúchadh) ar an táirgeoir/próiseálaí le cinntiú go bhfuil an táirgeacht ag teacht leis na caighdeáin sin.



Nasc le Toradh Foghlama:

Bunáitíocht Bia
Tuiscint a léiriú ar bhunús bia

Scéim um Dhearbhú Cáilíochta Feirme Thuaisceart Éireann do Mhairteoil agus d’Uaineoil (NIBL FQAS)

Is ‘Barántas ar Cháilíocht ó Fheirm go Forc’ é an Scéim um Dhearbhú Cáilíochta Feirme (FQAS) – agus tá sí lánchreidiúnaithe faoi dhianchaighdeán ISO 17065 Eorpach. Cinntíonn an scéim seo go ndéanann feirmeoirí Thuaisceart Éireann caighdeáin an-ard a leagan síos agus go mbíonn siad bródúil as an dóigh a dtugann siad aire dá gcuid ainmhithe agus a mbainistíonn siad a gcuid talún.



Cad é atá i gceist leis an Scéim um Dhearbhú Cáilíochta Feirme seo?

Is le Coimisiún Beostoic agus Feola Thuaisceart Éireann an Scéim um Dhearbhú Cáilíochta Feirme Thuaisceart Éireann do Mhairteoil agus d’Uaineoil (NIBL FQAS), agus is cuid de scéim um dhearbhú cáilíochta an *Red Tractor*.



Forbraíodh an Scéim um Dhearbhú Cáilíochta Feirme Thuaisceart Éireann do Mhairteoil agus d'Uaineoil le dearbhú a thabhairt do thomhaltóirí maidir le slabhra táirgeachta a gcuid bia ar an fheirm. Baineann sé le cáilíocht feirme:

- cáilíocht na gcóras táirgeachta a úsáidtear;
- cáilíocht an chúraim a thugtar do na hainmhithe;
- cáilíocht thimpeallacht na feirme; agus
- thar gach uile rud cáilíocht airde ar an chustaiméir trí mhairteoil agus uaineoil atá folláin, sábháilte agus saor ó shubstaintí minádúrtha a tháirgeadh.

Caighdeán Táirge

Leagtar síos Rialacha Scéime agus Caighdeán Táirge ag an Choiste um Chaighdeáin a Leagan Síos agus seoltar chuig na rannpháirtithe agus na hiarratasóirí uilig iad. Istigh sna lámhleabhair seo tá na sonraí uilig atá de dhíth leis na riachtanais a chomhlíonadh agus an nós imeachta rialála atá le leanúint. Tá 8 bpríomhghné a bhaineann leis an Chaighdeán Táirge:

- 1) feirmeoireacht ainmhithe, stocfheirmeoireacht agus leas ainmhithe;
- 2) sláinte ainmhithe;
- 3) cothú ainmhithe;
- 4) inrianaitheacht ainmhithe – sainaitheant, foinsiú agus taifid;
- 5) tithíocht agus Láimhseáil;
- 6) iompar;
- 7) cúram na timpeallachta; agus
- 8) nósanna imeachta feirme.

Cad iad na leasa?

- Blais an cháilíocht i mairteoil agus uaineoil a bhfuil Dearbhú Cáilíochta Feirme Thuaisceart Éireann do Mhairteoil agus d'Uaineoil acu. Is mar gheall ar an talamh méith, glas, folláin ar a bhfuil saorchead féaraigh ag na hainmhithe.
- Úire agus cáilíocht na mairteola agus na huaineola. Agus iad tógtha i gcomhréir leis an timpeallacht, bíonn mairteoil agus uaineoil trua, bog, cothaitheach go nádúrtha agus folláin ó ainmhithe a cothaíodh le féar agus tá clú agus cáil orthu go hidirnáisiúnta as a súmháireacht, uigeacht agus blas.
- Tá tacaíocht ag an dearbhú cáilíochta seo ó chaighdeán cáilíochta atá aitheanta go hidirnáisiúnta agus bunaítear é ar riachtanais reachtaíochta Rialtais. Tá an clú sin ag brath ar scéim a chinntíonn go ndéantar iniúchadh neamhspleách ar fheirmeacha agus go bhfuil siad deimhnithe ag Foras Deimhniúcháin atá faoifa ag UKAS ag feidhmiú go caighdeán Eorpach (ISO 17065).
- Tá an Scéim um Dhearbhú Cáilíochta Feirme Thuaisceart Éireann do Mhairteoil agus d'Uaineoil ar cheann de na scéimeanna dearbhaithe is fad saolaí dá bhfuil ann agus cuireadh tús leis in 1992 le dearbhuithe a thabhairt do thomhaltóirí maidir le slabhra táirgeachta a gcuid bia ar an fheirm le 3 phríomhghné: sábháilteacht bia, leas ainmhithe agus cúram don timpeallacht. Nuair a fheiceann tú an lógó, féadfaidh tú bheith cinnte go bhfuil an fheoil den chéad scoth ó thaobh cáilíochta agus caighdeán de.

AN RAIBH A FHIOS AGAT?

- Tá **níos mó ná 11,000 feirmeoir** páirteach sa Scéim um Dhearbhú Cáilíochta Feirme.
- Tá Dearbhú um Cháilíocht Feirme ag **níos mó ná 90%** den mhairteoil ar fad a tháirgtear i dThuaisceart Éireann.

Dearbhú agus Lógó

Tá an Scéim um Dhearbhú Cáilíochta Feirme Thuaisceart Éireann do Mhairteoil agus d'Uaineoil faofa do agus is cuid de Scéim an *Red Tractor* í atá i bhfeidhm ag *Assured Food Standards (AFS)*. D'fhéadfadh mairteoil agus uaineoil a tháirgtear de réir na Scéime um Dhearbhú Cáilíochta Feirme Thuaisceart Éireann na nithe seo a leanas a bheith acu.



Lógó um Dhearbhú Cáilíochta Feirme Thuaisceart Éireann nó



Lógó an *Red Tractor*

Caithfidh táirgí mairteola agus uaineola, a dtugtar lógó an *Red Tractor* dóibh, a tháirgeadh ó shlabhra iomlán dearbhaithe. Chomh maith le cáilíocht feirme, caithfidh soláthraithe bia ainmhí, margaí beostoic agus ionaid bailiúcháin, iompróirí beostoic, seamlais, monarchana gearrtha agus pacála bheith dearbhaithe de réir na gcaighdeán cuí. I gcás gnóthaí bia a dhéanann a thuilleadh próiseála agus/nó a chócarálann táirgí, caithfidh siad deimhniúchán reatha bailí a bheith acu ag na Caighdeáin Dhomhanda le haghaidh Bia Cuibhreannas Miondíola na Breataine (*British Retail Consortium (BRC) Global Standards for Food*). (www.lmcni.com)

Achoimre

- Is 'Barántas ar Cháilíocht ó Fheirm go Forc' í an Scéim um Dhearbhú Cáilíochta Feirme (*FQAS*) agus tá sí lánchreidiúnaithe do dhianchaighdeán ISO Eorpach.
- Cinntíonn an scéim seo go leagann feirmeoirí Thuaisceart Éireann síos caighdeáin arda agus go mbíonn siad bródúil as an dóigh a dtugann siad aire dá gcuid ainmhithe agus a mbainistíonn siad a gcuid talún.
- Is le Coimisiún Beostoic agus Feola Thuaisceart Éireann í agus is cuid de scéim dearbhaithe bia *Red Tractor* í.
- Tríd is tríd baineann sí le cáilíocht feirme agus cuimsíonn sí:
 1. sábháilteacht bia;
 2. leas ainmhithe;
 3. cúram don timpeallacht; agus
 4. feoil d'ardchaighdeán a tháirgeadh atá trua, bog, cothaitheach go nádúrtha agus folláin.
- Déantar iniúchadh neamhspleách ar an scéim seo ag Foras Deimhniúcháin *UKAS* ag oibriú de réir caighdeáin Eorpacha.
- Cuirtear na Rialacha maidir le Caighdeán Táirge agus Scéimeanna chuig gach rannpháirtí agus iarratasóir. Tá 8 bpríomhghné a bhaineann leis an Chaighdeán Táirge:
 1. feirmeoireacht ainmhithe, stocfheirmeoireacht agus leas ainmhithe;
 2. sláinte ainmhithe;
 3. cothú ainmhithe;
 4. inrianaitheacht ainmhithe;
 5. tithíocht agus Láimhseáil;
 6. iompar;
 7. cúram timpeallachta; agus
 8. nósanna imeachta feirme.

Marc Cáilíochta an Bhoird Bia

Ciallaíonn Marc Cáilíochta an Bhoird Bia go dtáirgtear bia ag na caighdeáin cáilíochta is airde den Bhoird Bia agus tá a fhios agat cá as a dtagann sé mar go ndearnadh seiceáil air ag gach staid.

Cé tá i dteideal Marc Cáilíochta an Bhoird Bia a úsáid?

Faoi láthair tá níos mó ná 52,000 táirgeoir agus 120 próiseálaí agus pacálaí atá deimhnithe thar gach Scéim um Dhearbhú Cáilíocht Bia an Bhoird Bia. Déantar iniúchadh orthu go rialta sula mbíonn siad deimhnithe agus sula mbíonn cead acu an Marc Cáilíochta a úsáid.



Cad iad na caighdeáin cáilíochta a bhaineann le Marc Cáilíochta an Bhoird Bia?

Chomh maith le riar ar riachtanais dlí, déantar iniúchadh ar fheirmeoirí de réir réimse caighdeán lena n-áirítear:

- sláinte ainmhithe;
- leas agus inrianaitheacht;
- uisce agus bia a thabhairt;
- bainistíocht ar thalamh féaraigh;
- bainistíocht comhshaoil; agus
- sábháilteacht ar an fheirm.

Ar a bharr sin, i measc na bpríomhriachtanas do phróiseálaithe agus do mhonarchana pacála tá:

- sainaitheantú táirge agus inrianaitheacht;
- iniúchadh agus tástáil;
- sláinteachas; agus
- dea-chleachtas déantúsaíochta.

Cá bhfeicfidh tú Marc Cáilíochta an Bhoird Bia?

Feicfidh tú Marc Cáilíochta an Bhoird Bia ar na táirgí seo a leanas ó bhail na Scéimeanna um Dhearbhú Cáilíochta Bia an Bhoird Bia:

- mairteoil, uaineoil, muiceoil, bagún réamhphacáistithe;
- liamhás cócaráilte;
- slisíní bagúin;
- turcaí, sicín, lacha; agus
- ispíní agus burgair.

Feicfidh tú fosta é ar uibheacha, torthaí, glasraí agus prátaí.

Dearbhú Cáilíochta – Cad é atá i gceist leis?

Maidir leis na Scéimeanna um Dhearbhú Cáilíochta an Bhoird Bia déantar Dearbhú Cáilíochta ar gach céim sa tslabhra bia ó tháirgeacht go pacáistiú deiridh le díol leis an úsáideoir deiridh. Ina measc sin tá an fheirm, nó aonad fáis, an mhonarcha feola nó ionad pacála agus aon mhonarcha bhia ina ndéantar próiseáil thánaisteach (deatú, leasú, cócaráil srl).

Tá 3 chomhpháirt bhunúsacha ag baint le Scéim um Dhearbhú Cáilíochta:

Caighdeáin

Iniúchadh

Deimhniúchán

1. Caighdeáin

Is é atá i gceist leis na caighdeáin ná na rialacha a gcaithfidh na baill cloí leo agus leagtar amach iad ag painéal saineolaithe. Roghnaítear na saineolaithe seo ó chodanna éagsúla an tionscail/slabhra soláthair agus cuimsíonn siad saineolas neamhspleách eolaíochta agus sábháilteacht bia. Cruinníonn an painéal ar bhonn rialta leis na caighdeáin a uasdátú de réir athruithe sa reachtaíocht agus feabhsuithe sa dhea-chleachtas. I measc na bpríomhréimsí a chlúdaítear tá inrianaitheacht, leas ainmhithe, cúram don timpeallacht, úsáid shábháilte leigheasanna agus ceimiceán ag leibhéal feirme agus leas ainmhithe, sábháilteacht bia, sláinteachtas agus inrianaitheacht ag leibhéal monarchan.

2. Iniúchadh

Is é atá i gceist leis an iniúchadh ná an chigireacht ar an fheirm nó monarcha le cinntiú go bhfuil an bia á tháirgeadh de réir na gcaighdeán. Déanann iniúcháirí neamhspleácha an t-iniúchadh agus déantar iniúchtaí ar gach ball de na Scéimeanna um Dhearbhú Cáilíochta ar bhonn rialta le comhlíonadh a chinntiú. Chomh maith leis sin déantar iniúchtaí randamacha nuair is gá. Déanann an t-iniúcháir moladh ar chóir an fheirm nó an mhonarcha a dheimhniú nó nár chóir.

3. Deimhniúchán

Nuair atá an t-iniúchadh thart agus ar choinníoll go gcomhlíonann an fheirm riachtanais an chaighdeáin, is deimhniú é an chead chéim eile sa phróiseas. Déanann coiste deimhniúcháin neamhspleách an cinneadh lena dheimhniú. Is é atá i gceist le deimhniúchán ná dearbhú oifigiúil gur éirigh leis an iniúchadh agus ansin tá sé de cheart ag an bhall iarratas a chur isteach le marc Q an Bhoird Bia a úsáid ar tháirge mar is cú.

Cad é is ciall le Marc um Dhearbhú Cáilíochta an Bhoird Bia (Marc Q)?

Nuair a fheiceann tú Marc Q an Bhoird Bia ar tháirge ciallaíonn sé gur táirgeadh an táirge de réir na gcaighdeán riachtanach Dearbhú Cáilíochta agus ar an dara dul síos dearbhaíonn an bratach agus 'Dar bunadh na hÉireann' ar an mharc gur táirgeadh an táirge, go hiomlán, in Éirinn – **nuair a fheiceann tú an marc seo ciallaíonn sé gur tógadh agus gur próiseáladh an bia i bPoblacht na hÉireann.**

Tá 3 phríomhleagan den Mharc Q:-



(www.bordbia.ie)

Achoimre

- Ciallaíonn Marc Cáilíochta an Bhoird Bia go dtáirgtear bia ag na caighdeáin cáilíochta is airde den Bhoird Bia agus tá a fhios ag tomhaltóirí cá as a dtagann sé.
- Déantar cigireachtaí go rialta sula mbíonn táirgeoirí agus próiseálaithe cáilithe agus sula mbíonn cead acu an Marc Cáilíochta a úsáid.
- Déantar cigireacht ar fheirmeoirí de réir réimse caighdeán lena n-áirítear:
 - sláinte ainmhithe;
 - leas agus inrianaitheacht;
 - uisce agus bia a thabhairt;
 - bainistíocht ar thalamh féaraigh;
 - bainistíocht comhshaoil; agus
 - sábháilteacht ar an fheirm.
- Déantar iniúchadh/cigireacht ar na feirmeacha nó monarchana le cinntiú go bhfuil an bia á tháirgeadh de réir na gcaighdeán. Ansin déanann coiste deimhniúcháin neamhspleách an cinneadh lena dheimhniú. Is é atá i gceist le deimhniúchán ná dearbhú oifigiúil gur éirigh leis an iniúchadh agus ansin tá sé de cheart ag an bhall iarratas a chur isteach le marc Q an Bhoird Bia a úsáid.
- I measc na bpríomhriachtanas do phróiseálaithe agus monarchana pacála tá:
 - sainaitheant agus inrianaitheacht táirge;
 - iniúchadh agus tástáil;
 - sláinteachas; agus
 - dea-chleachtas déantúsaíochta.
- Déantar Dearbhú Cáilíochta ar gach céim den slabhra bia, ó tháirgeadh go pacáistiú deiridh le díol leis an úsáideoir deiridh; ina measc tá an fheirm nó aonad fáis, an mhonarcha feola nó ionad pacála agus aon mhonarcha bhia ina ndéantar próiseáil thánaisteach.

